Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8473/22

LIMITE

JAI 532
FREMP 79
AG 44
POLGEN 55

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Luachanna an Aontais - An Ungáir - Togra réasúnaithe de bhun Airteagal 7(1) de CAE - Raon feidhme substainteach éisteacht na hUngáire an 23 Bealtaine 2022 |

1. An 12 Meán Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa togra réasúnaithe le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena gcinntear, de bhun Airteagal 7(1) de CAE, go bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[1].

2. Áirítear leis an gclár oibre sealadach don chruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 23 Bealtaine 2022 an mhír ‘Luachanna an Aontais - An Ungáir - Togra réasúnaithe de bhun Airteagal 7(1) de CAE - Éisteacht na hUngáire de bhun Airteagal 7(1) de CAE’.

3. An 18 Iúil 2019, d’fhormheas an Chomhairle módúlachtaí caighdeánacha le haghaidh éisteachtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de CAE[2]. Leagtar amach sna módúlachtaí sin go gcomhaontóidh Coreper raon feidhme substainteach na saincheisteanna atá le cumhdach ag éisteacht i gcomhréir le raon feidhme na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sa togra réasúnaithe lena ngníomhachtaítear nós imeachta Airteagal 7(1) de CAE.

4. Fuair an Ungáir éisteacht ón gComhairle trí bhabhta: an 16 Meán Fómhair, an 10 Nollaig 2019 agus an 22 Meitheamh 2021.

[1] 12266/1/18 REV 1 + ADD 1.
[2] 10641/2/19 REV 2.

5. I bhfianaise an ama atá caite ó bhí éisteacht dheireanach na hUngáire ann agus ós rud é go bhféadfadh sé gur tharla forbairtí tábhachtacha, moltar go gcumhdófaí le ceathrú héisteacht na hUngáire na saincheisteanna go léir a dtugtar aghaidh orthu sa togra réasúnaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ionas go bhfaigheadh an Chomhairle forléargas cothrom le dáta ar an staid sa Bhallstát lena mbaineann.

**6.** I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper teacht ar chomhaontú maidir leis an socrú sin.

PUBLIC